Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Feabhra 2021
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0104(COD)**

5856/21
ADD 2 REV 1

CODEC 131
ECOFIN 89
REGIO 14
CADREFIN 47

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta **(an chéad léamh)**<br>- Cinneadh maidir leis an nós imeachta i scríbhinn a úsáid le go nglacfar an gníomh reachtach<br>= Dearbhuithe |

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOIMISIÚN MAIDIR LE BAILIÚ SONRAÍ LE HAGHAIDH RIALUITHE AGUS INIÚCHTAÍ ÉIFEACHTACHA**

Meabhraíonn Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún an gá atá le rialuithe agus iniúchtaí éifeachtacha a áirithiú chun cistiú dúbailte a sheachaint agus chun calaois, éilliú agus coinbhleacht leasanna a chosc, a bhrath agus a cheartú i ndáil leis na bearta a fhaigheann tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Measann an dá institiúid go bhfuil sé bunriachtanach go mbaileodh agus go dtaifeadfadh na Ballstáit sonraí maidir le faighteoirí agus tairbhithe deiridh chistiú an Aontais i bhformáid chaighdeánaithe leictreonach agus idir-inoibritheach agus go mbainfidís úsáid as uirlis aonair mianadóireachta sonraí atá le soláthar ag an gCoimisiún.

**RÁITEAS BREISE ÓN GCOIMISIÚN MAIDIR LE BAILIÚ SONRAÍ LE HAGHAIDH RIALUITHE AGUS INIÚCHTAÍ ÉIFEACHTACHA**

Meabhraíonn an Coimisiún Eorpach an dearbhú aontaobhach a rinne sé maidir leis an ábhar seo faoi Rialachán na bhForálacha Coiteanna, a bhfuil feidhm aige *mutatis mutandis* maidir le hAirteagal 22 de Rialachán na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta.

**RÁITEAS ÓN GCOIMISIÚN MAIDIR LEIS AN MODHEOLAÍOCHT CHUN AN AERÁID A RIANÚ**

Chun comhsheasmhacht a áirithiú, measann an Coimisiún gur cheart modheolaíocht Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a ionchorprú i Rialachán na bhForálacha Coiteanna.